Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13584/20**

**SOC 776**
**EMPL 545**
**GENDER 146**
**ANTIDISCRIM 124**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13367/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Ghleic: Obair Ar Íocaíocht agus Obair Chúraim Gan Íocaíocht a Luacháil agus a Dháileadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí thuasluaite ón gComhairle maidir leis an mBearna Pá idir na hInscní a Ghleic: Obair Ar Íocaíocht agus Obair Chúraim Gan Íocaíocht a Luacháil agus a Dháileadh, arna bhformheas leis an nós imeachta i scríbhinn, 1 Nollaig 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Ag dul i ngleic leis an mBearna Phá idir na hInscní:**
**Obair Ar Íocaíocht agus Obair Chúraim Gan Íocaíocht a Luacháil agus a Dháileadh**
**Conclúidí ón gComhairle**[1]

Á THABHAIRT DÁ hAIRE:

1) Tá an Comhionannas Inscne agus Cearta an Duine i gcroílár luachanna na hEorpa. Is prionsabal bunúsach de chuid an Aontais Eorpaigh agus prionsabal a chumhdaítear sna conarthaí agus in Airteagal 23 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh é an comhionannas idir mná agus fir. Le hAirteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ceanglaítear ar an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, é a bheith d'aidhm aige neamhionannais idir mná agus fir a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh.

2) Le hAirteagal 157 CFAE, ceanglaítear ar na Ballstáit cur chun feidhme an phrionsabail go bhfuil pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach ag dul d'oibrithe fireanna agus d'oibrithe baineanna. D'fhonn comhionannas iomlán iarbhír idir fir agus mná a áirithiú i saol na hoibre, ceadaítear do na Ballstáit, le hAirteagal 157 CFAE, bearta dearfacha gníomhaíochta a choimeád ar bun nó a ghlacadh. Is é is aidhm dóibh foráil a dhéanamh do bhuntáistí sonracha chun gur fusa don ghnéas tearcionadaithe gabháil le gairm bheatha nó chun míbhuntáistí i ngairmeacha gairmiúla a chosc nó a chúiteamh.

3) Daingnítear comhionannas inscne agus cothromaíocht oibre is saoil i bPrionsabail 2 agus 9 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an 17 Samhain 2017.

---

[1] Conclúidí arna dtarraingt suas i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, agus tagairt ar leith á déanamh do Phríomhréimsí Imní F (Mná agus an Geilleagar).

4) Is fachtóirí tábhachtacha iad beartais ar mhaithe leis an gcomhionannas inscne chun go mbeidh fás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach ann agus is réamhchoinníoll iad na beartais sin freisin má táthar chun rathúnas, iomaíochas agus lánfhostaíocht a bhaint amach, mar aon le comhtháthú sóisialta, cuimsitheacht agus dea-bhail. Idir an dá linn, toisc laghdú an lucht saothair mar thoradh ar fhorbairtí déimeagrafacha laistigh den Aontas, is gá speisialtóirí ardoilte, go háirithe mná, a mhealladh chuig margadh an tsaothair agus a choinneáil ar an margadh sin.

5) De réir Straitéis 2020-2025 maidir le Comhionannas Inscne, ar straitéis de chuid an Choimisiúin Eorpaigh í, "chun an bhearna phá idir na hinscní a dhíothú, ní mór aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna ar fad atá leis, lena n-áirítear rannpháirtíocht níos ísle na mban i margadh an tsaothair, obair dhofheicthe agus gan íocaíocht, an úsáid níos airde a bhaineann siad as obair pháirtaimseartha agus as sosanna gairme, chomh maith le leithscaradh ingearach agus cothrománach bunaithe ar steiréitíopaí inscne agus idirdhealú."

6) De réir Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising de chuid na Náisiún Aontaithe,[2] is minic gurb é faoi chuimsiú beartais airgeadais, airgeadaíochta, tráchtála agus beartais eacnamaíocha eile, chomh maith le córais chánach agus rialacha lena rialaítear pá, a dhéanann fir agus mná aonair a gcinntí, *inter alia*, maidir le conas a gcuid ama a roinnt idir obair a dtugtar luach saothair ina leith agus obair gan luach saothair. Dá bhrí sin, bíonn tionchar díreach ag forbairt na struchtúr agus na mbeartas eacnamaíoch sin ar an rochtain atá ag mná agus ag fir ar acmhainní eacnamaíocha agus ar a gcumhacht eacnamaíoch agus, dá bhrí sin, ar mhéid an chomhionannais atá eatarthu agus atá sa tsochaí ina hiomláine.

---

2 https://www.un.org/womenwatch/daw/beijing/platform/economy.htm#diagnosis

7) De réir Threoir an Aontais maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí: 'ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh, maidir le glacadh comhionann idir fir agus mná le saoire a bhaineann leis an teaghlach, go mbraitheann sé ar bhearta iomchuí eile freisin, amhail soláthar seirbhísí cúraim leanaí agus cúraim fhadtéarmaigh atá inrochtana agus inacmhainne, ar seirbhísí iad atá ríthábhachtach le gur féidir le tuismitheoirí agus daoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu dul isteach sa mhargadh saothar, fanacht ann nó filleadh air. Trí dheireadh a chur le dídhreasuithe eacnamaíocha, is féidir dara saothraithe, ar mná iad a dtromlach, a spreagadh le bheith rannpháirteach go hiomlán sa mhargadh saothair.'

8) In 2002, ag an gcruinniú a bhí aici in Barcelona, leag an Chomhairle Eorpach amach Cuspóirí Barcelona, mar a thugtar orthu, a d'iarr ar na Ballstáit deireadh a chur le dídhreasachtaí do rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair agus a ndícheall a dhéanamh, agus an t-éileamh ar sheirbhísí cúraim leanaí á chur san áireamh agus i gcomhréir leis na patrúin náisiúnta maidir le soláthar cúraim leanaí, chun soláthar cúraim leanaí a mhéadú.

9) Chun go mbeidh mná agus fir araon in ann páirt a ghlacadh in obair ar íocaíocht ar bhonn cothrom, ní mór dóibh freisin a bheith in ann obair chúraim gan íocaíocht a chomhroinnt ar bhonn cothrom. Ag an am céanna, tá infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht bonneagair phoiblí ar ardchaighdeán agus seirbhísí seachtracha d'oideachas luath-óige agus do chúram leanaí agus do chúram do dhaoine scothaosta agus do chleithiúnaithe eile, agus do chúraimí teaghlaigh, agus iad uile ar ardchaighdeán, ríthábhachtach chun go gcumasófar do mhná agus d'fhir a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair.

10) Léirigh paindéim COVID-19 a thábhachtaí atá an obair chúraim ar íocaíocht agus gan íocaíocht don chobhsaíocht eacnamaíoch agus d'fheidhmiú agus d'fholláine leanúnach ár sochaithe. Le linn na paindéime, chuir an pobal Eorpach in iúl gur mór aige gairmeacha bunriachtanacha, go háirithe obair san earnáil cúraim agus cúraim sláinte. Is tráthúil anois, dá bhrí sin, feabhas a chur ar stádas na hoibre cúraim, cé acu ar íocaíocht nó gan íocaíocht, arb iad mná go príomha a dhéanann í faoi láthair.

11) Le linn na chéad chéime den phaindéim, b'éigean do shaoráidí cúraim agus scoileanna dúnadh ar feadh tréimhsí fada ama agus, mar thoradh air sin, is ar thuismitheoirí den chuid is mó, agus ar dhaoine eile le freagrachtaí cúraim, mná ach go háirithe, a bhí freagrachtaí cúraim (cúraimí teaghlaigh san áireamh) chomh maith le freagrachtaí scolaíochta baile, rud a chur iallach orthu socruithe nua a dhéanamh chun na freagrachtaí sin agus obair ar íocaíocht a réiteach. Cuireadh chun suntais le linn na paindéime freisin go bhfuil luach eacnamaíoch suntasach ag an obair chúraim gan íocaíocht, ach luach atá ann nach bhfuil infheicthe, agus olltáirgeacht intíre (OTI) á ríomh, mar shampla, toisc nach bhfuil luach saothair ag gabháil léi.

Á THABHAIRT DÁ hAIRE

12) An tuarascáil ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) dar teideal *Gender inequalities in care and consequences on the labour market* [Neamhionannais inscne i gcúrsaí cúraim agus na hiarmhairtí ar mhargadh an tsaothair], ina gcuirtear torthaí i láthair faoi na naisc idir neamhionannais inscne in obair ar íocaíocht agus in obair chúraim gan íocaíocht agus ina léirítear go bhfuil cion díréireach na mban in obair chúraim ar cheann de na príomh-bhunchúiseanna den bhearna phá idir na hinscní[3].

[3] Féach 12953/20 ADD 1.

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an méid seo a leanas:

13) Tá méadú seasta tagtha ar fhostaíocht na mban i mBallstáit uile an Aontais le scór nó le tríocha bliain anuas. Mar sin féin, i gcomparáid leis na fir, is minic a bhíonn na mná fós ag obair i bpoist neamhchinnte agus neamhfhoirmiúla, agus i bpoist lena dtairgtear uaireanta teoranta nó rochtain neamhleor ar an gcóras slándála sóisialta agus clúdach neamhleor faoin gcóras sin, agus i bpoist ghearrthéarmacha, i bpoist pháirtaimseartha agus i bpoist ar phá íseal. Ina theannta sin, is minice ná na fir a chuireann mná a bhfostaíocht ar fionraí. Baineann sé sin go háirithe le mná imirceacha arb iomaí agus forluiteach na cineálacha idirdhealaithe a mbíonn orthu dul i ngleic leis ar mhargadh an tsaothair.

14) Is féidir neamhionannais idir mná agus fir i gcomhthéacs mhargadh an tsaothair a thomhas le roinnt táscairí éagsúla. Is é 14.8 %[4] an mheánbhearna phá idir na hinscní i gcás ollphá in aghaidh na huaire san Aontas i láthair na huaire. Mar thoradh air sin, ní hamháin gur lú a thuilleann na mná, ach is lú freisin an pinsean a fhaigheann siad sna Ballstáit uile - 30 %, ar an meán, níos lú ná mar a fhaigheann na fir (an bhearna phinsin idir na hinscní), agus an-éagsúlacht sa bhearna sin i measc na mBallstát. Is é 40 %[5], geall leis, an bhearna tuillimh fhoriomlán idir na hinscní.

4 Sonraí Eurostat ó mhí Feabhra 2020 (https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Gender_pay_gap_statistics).

5 Figiúirí 2018.

15) Is iomaí cúis atá leis an mbearna phá idir na hinscní agus iad go léir fite fuaite ina chéile. Is lú an ionadaíocht a dhéantar ar mhná i bpoist chinnteoireachta ná mar a dhéantar ar fhir (leithscaradh ingearach i margadh an tsaothair) agus is minice a bhíonn na mná níos líonmhaire in earnálacha agus i ngairmeacha éagsúla ar phá íseal, amhail obair chúraim ná na fir (leithscaradh cothrománach i margadh an tsaothair). I measc na gcúiseanna eile, is minice mná ag obair ar bhonn páirtaimseartha, dúshláin ó thaobh na cothromaíochta idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh, sosanna gairme, easpa trédhearcachta sa phá agus i struchtúir phá, agus idirdhealú ar bhonn inscne. I measc na mbunchúiseanna cinntitheacha sa cheann ar an méid sin tá noirm shóisialta, bacainní struchtúracha, struchtúir cheannasachta agus dreasachtaí agus dídhreasachtaí éagsúla chomh maith le steiréitíopaí a dhéanann difear do roghanna gairmoideachais agus deiseanna éagsúla gairme a bheith ar fáil do mhná agus d'fhir. Tá gá le tuilleadh taighde sa réimse seo. Tá an staid nasctha leis an gcreat institiúideach, polaitiúil agus dlíthiúil a mbíonn tionchar aige ar na roghanna a dhéanann mná agus fir, *inter alia*, maidir le réimsí staidéir, conairí gairme, uaireanta oibre nó freagracht a ghlacadh orthu féin as obair chúraim gan íocaíocht ar leibhéal an teaghlaigh.

16) Cúis eile a bhíonn le leibhéal níos ísle rannpháirtíochta i margadh an tsaothair i measc na mban agus le leibhéal níos ísle tuillimh na mban agus a dtearcionadaíocht i bpoist chinnteoireachta i gcomparáid leis na fir, cúis nach dtugtar dóthain airde uirthi, dáileadh neamhchothrom na hoibre cúraim gan íocaíocht idir mná agus fir, i gcaitheamh a saoil, lena n-áirítear cúram leanaí, cúram do dhaoine fásta agus scothaosta agus cúraimí teaghlaigh.

17) Is cúramóirí ar bhonn rialta iad na mná go léir, beagnach, san Aontas Eorpach (92 %)[6], agus is cúramóirí ar bhonn laethúil iad 81 % acu. Os a choinne sin, ní bhíonn ach 68 % de na fir i mbun obair chúraim gan íocaíocht roinnt laethanta, ar a laghad, in aghaidh na seachtaine agus ní bhíonn ach 48 % acu i mbun na hoibre sin gach uile lá. Caitheann mná an Aontais atá fostaithe 3.9 uair an chloig in aghaidh an lae, ar an meán, ag dul d'obair chúraim indíreach (obair tí agus cúraimí teaghlaigh) agus d'obair chúraim dhíreach amhail aire a thabhairt do leanaí nó do ghaolta scothaosta agus do ghaolta atá faoi mhíchumas. Os a choinne sin, ní chaitheann fir atá fostaithe ach 2.6 uair an chloig in aghaidh an lae, ar an meán, ar an gcineál sin oibre. Is mó fós an difríocht idir mná agus fir atá fostaithe agus atá ina gcónaí le chéile mar lánúin agus leanaí acu: 5.3 uair an chloig i gcás na mban agus 2.4 uair an chloig i gcás na bhfear[7]. In 2019, ba ar bhonn páirtaimseartha a bhí 32 % de mhná a bhí fostaithe idir 20 agus 64 bliana d'aois ag obair, i gcomparáid le díreach 10 % d'fhir a bhí fostaithe. Thuairiscigh 29 % de mhná a bhí fostaithe go páirtaimseartha gurb iad féin a thogair oibriú ar bhonn páirtaimseartha toisc gurbh éigean dóibh aire a thabhairt do leanaí nó do ghaolta lánfhásta, i gcomparáid le 6 % i gcás na bhfear[8]. Is é chun aire a thabhairt do leanaí nó do ghaolta an chúis is coitianta a thugann mná an Aontais as a bheith ag obair ar bhonn páirtaimseartha.

18) Tugann na staitisticí sin le fios go bhfuil bearna ollmhór chúraim idir mná agus fir ó cheann ceann an Aontais[9]. Mar sin féin, in éagmais táscaire comhaontaithe uile-Aontais, agus in éagmais sonraí cuimsitheacha náisiúnta bunaithe ar shuirbhéanna ar úsáid ama, ní féidir áirimh ná comparáidí córasacha a dhéanamh fud fad an Aontais maidir le dáileadh na hoibre cúraim gan íocaíocht idir mná agus fir.

6 Déanann cúramóirí rialta obair chúraim gan íocaíocht roinnt laethanta, ar a laghad, in aghaidh na seachtaine (Tuarascáil EIGE, leathanach 18).
7 Foinse sonraí: Mionsonrú EIGE ar EWCS 2015
8 Tuarascáil EIGE, Fonóta 20, Eurostat.
9 Deimhníonn suirbhéanna ar úsáid ama (HETUS) atá á ndéanamh faoi láthair in 15 Bhallstát an méid sin.

19) Mná a dhéanann formhór mór na hoibre cúraim ar íocaíocht – idir dhíreach agus indíreach – arb ionann iad agus 76 % den lucht saothair cúraim san Aontas (37 milliún fostaí as 49 milliún – altraí, oibrithe cúraim sláinte agus cúraim leanaí, oibrithe tí agus múinteoirí). A mhéid a bhaineann le hobair tí (seirbhísí teaghlaigh) níl iomlán an scéil sna figiúirí atá ar fáil, mar gheall ar a fhorleithne atá an fhostaíocht neamhdhearbhaithe. Ba bheag an meas a bhíodh ag an tsochaí, tráth, ar ghairmeacha cúraim agus ar sheirbhísí teaghlaigh, agus ba bheag freisin an pá agus na deiseanna forbartha gairme a bhíodh ag gabháil leo. Mar thoradh air sin, tá ganntanas oibrithe oilte ann i gcás oideachas luath-óige agus seirbhísí sláinte pearsanta in a lán Ballstát. Thairis sin, is minic a bhain easpa rochtana ar shlándáil shóisialta agus ar chearta fostaíochta le fostaíocht neamhdhearbhaithe i seirbhísí teaghlaigh.

20) De réir an staidrimh, dá mhéad obair chúraim gan íocaíocht a dhéanann mná, is ea is lú am a bhíonn acu le dul i mbun obair ar íocaíocht; dá mhéad obair ar íocaíocht a dhéanann fir, is ea is lú am a bhíonn acu le dul i mbun obair chúraim gan íocaíocht. Dá bhrí sin, tá an bhearna phá idir na hinscní agus an bhearna chúraim idir na hinscní le hanailísiú le chéile, mar go bhfuil siad spleách ar a chéile, den chuid is mó, agus mar go dtreisíonn siad féin a chéile.

21) Ní fhéadfar talamh slán a dhéanamh de go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an gcomhionannas inscne ar bhonn bearna níos lú pá sna Ballstáit uile, agus ar a bhonn sin amháin; caithfidh go mbeidh leibhéal níos airde rannpháirtíochta i gceist freisin i gcás na mban i margadh an tsaothair. D'fhéadfadh go mbeadh an bhearna phá idir na hinscní níos lú nuair is mná den chuid is mó a dhéanann obair chúraim gan íocaíocht. Sna cásanna sin, is amhlaidh a bhíonn bearna níos lú pá idir na hinscní toisc go mbíonn leibhéal na fostaíochta rialta íseal i gcás na mban agus éifeacht dhearfach roghnúcháin ag gabháil leis, i.e gur lú líon na mban atá fostaithe, ach go n-íoctar go maith iad siúd atá. Dá bhrí sin, níl sa bhearna phá idir na hinscní ach ceann amháin as measc táscairí tábhachtacha éagsúla ar an gcomhionannas inscne i margadh an tsaothair - ní insíonn sí tada dúinn, mar shampla, faoi mhná nach mbíonn obair ar íocaíocht ar bun acu.

22) Chun pá comhionann agus comhionannas cuimsitheach araon i margadh an tsaothair a bhaint amach, beidh gá le cur chuige dhá chéim: *ar an gcéad dul síos*, comhroinnt oibre ar íocaíocht agus oibre cúraim gan íocaíocht idir mná agus fir ar bhonn cothrom (gach cineál oibre cúraim gan íocaíocht), agus *ar an dara dul síos*, soláthar bonneagair phoiblí agus seirbhísí seachtracha chun 'seachfhoinsiú' oibre cúraim dírí (cúram leanaí agus cúram aosach) agus oibre cúraim indírí (obair teaghlaigh agus cúraimí tí) a chumasú, ionas go mbeidh na roghanna agus na deiseanna comhionanna ag mná agus fir i bhfírinne dul i mbun obair ar íocaíocht.

23) Agus céimeanna á dtabhairt chun pá comhionann agus comhroinnt chothrom na hoibre cúraim gan íocaíocht idir mná agus fir a chur chun cinn, tá sé tábhachtach go gcuirfear chun cinn roghanna eolasacha na mban agus na bhfear, saor ó steiréitíopaí inscne nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh acu i leith a ngairm bheatha agus comhroinnt na hoibre cúraim gan íocaíocht.

24) Cuireann an tacar seo conclúidí leis an obair a rinneadh cheana agus leis na gealltanais pholaitiúla a thug Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus geallsealbhóirí ábhartha sa réimse seo.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

IARRANN SÍ ar na Ballstáit, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh acu, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

25) Céimeanna a thabhairt chun deiseanna comhionanna a áirithiú i gcomhair forbairt phearsanta agus ghairmiúil do mhná agus d'fhir araon, agus chun dáileadh comhionann oibre ar íocaíocht agus oibre cúraim gan íocaíocht eatarthu a spreagadh agus a éascú.

26) Céimeanna a ghlacadh chun glacadh comhionann saoire tuismitheora a éascú do mhná agus d'fhir, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil do Thuismitheoirí agus do Chúramóirí.

27) Feasacht a mhúscailt i leith an ghá le dáileadh cothrom oibre cúraim gan íocaíocht idir mná agus fir, lena n-áirítear obair tí, agus tuiscint níos fearr ar an ngá sin a chur chun cinn, ionas go mbainfear comhionannas amach idir mná agus fir.

28) Céimeanna a thabhairt chun a áirithiú go n-aithneofar obair chúraim gan íocaíocht agus go gcuirfear ardluach uirthi, lena n-áirítear trí feabhas a chur ar an tuiscint atá ag daoine ar an tábhacht agus an tionchar atá aici ar bhonn sóisialta agus eacnamaíoch, agus leas á bhaint as sonraí bailí.

29) Feabhas a chur ar bhonneagar poiblí agus ar infhaighteacht seirbhísí seachtracha chun tacú le mná agus fir i gcomhroinnt na hoibre ar íocaíocht agus na hoibre cúraim gan íocaíocht ar bhonn comhionann.

30) Seachtrú na hoibre cúraim gan íocaíocht, idir obair dhíreach agus indíreach, a chur chun cinn, mar shampla trí bhreathnú an bhféadfaí, faoi choinníollacha áirithe, tacaíocht airgeadais a thabhairt do thuismitheoirí atá ag obair, do thuismitheoirí aonair nó do ghaolta i mbun oibre cúraim i dtaca le seirbhísí pearsanta agus teaghlaigh a úsáid, agus dálaí oibre córa cuibhiúla, pá cóir agus rochtain ar shlándáil shóisialta a chur ar fáil ag an am céanna do gach uile oibrí san earnáil sin, i gcomhréir le samhlacha na margaí náisiúnta saothair.

31) Gach iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar an mbonneagar poiblí agus ar sheirbhísí seachtracha a chuireann cúram díreach ar fáil ionas go mbeidh siad leagtha amach go solúbtha sa treo is go mbeidh siad infhaighte, inrochtana agus inacmhainne do gach teaghlach nó do gach duine i gceantair thuaithe agus uirbeacha araon, lena n-áirítear ó thaobh iompar poiblí de. Gach iarracht a dhéanamh freisin caighdeán an chúraim a fheabhsú trí cháilíochtaí agus oiliúint a thairiscint d'fhostaithe agus trí chóimheas cuí idir cúramóirí agus daoine a bheidh faoina gcúram a shocrú.

32) Feabhsú an stádais atá ag gairmeacha beatha cúramghaolmhara (cúram do leanaí, daoine aosta agus daoine atá faoi mhíchumas; seirbhísí sóisialta; cúram sláinte; agus oideachas), agus céimeanna a ghlacadh lena áirithiú go n-aithneofar a luach (e.g. ó thaobh dálaí oibre cuibhiúla agus luach saothair leordhóthanach), agus ról agus neamhspleáchas na bpáirtithe sóisialta á n-urramú ag an am céanna. Feasacht a chur chun cinn maidir leis an rannchuidiú riachtanach a dhéantar le gairmeacha cúramghaolmhara leis an tsochaí ina hiomláine agus le geilleagar na dea-bhaile agus rannpháirtíocht chothrom na mban agus na bhfear sna gairmeacha sin a spreagadh.

33) Dlús a chur le hiarrachtaí chun dul i ngleic le hobair chúraim indíreach neamhdhearbhaithe, lena n-áirítear obair a dhéanann oibrithe tí neamhrialta, agus fostaíocht mhídhleathach eile in earnáil an chúraim.

34) Aird a thabhairt ar na fadhbanna agus na contúirtí sonracha a bhíonn ag soláthraithe oibre tí, lena n-áirítear daoine atá fostaithe trí ghníomhaireachtaí seirbhíse chomh maith le daoine atá ag obair i dteaghlaigh phríobháideacha agus oibrithe neamhdhearbhaithe. Aird ar leith a thabhairt ar dhálaí oibre agus maireachtála na mbanimirceach iomadúil, na mban lena mbaineann cúlra imirceach, agus na n-oibrithe siúlacha a bhíonn ag obair san earnáil sin, agus ar a leochailí atá siad agus na deacrachtaí a bhíonn acu agus a gcuid ceart á n-éileamh acu.

35) Tábhacht an Choinbhinsiúin maidir le hobair chuibhiúil d'oibrithe tí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (Coinbhinsiún Uimh. 189) a thabhairt san áireamh.

36) Creat a fhorbairt a thuilleadh nó a bhunú, lena n-áirítear comhaontuithe cómhargála i gcás inarb ábhartha, chun obair ar íocaíocht agus obair chúraim gan íocaíocht a roinnt ar bhonn comhionann idir mná agus fir, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas:

a. Oideachas luath-óige agus cúram leanaí atá dea-fhorbartha, inacmhainne, inrochtana, agus ar ardcháilíocht, mar aon le saoráidí cúraim gearrthéarmacha agus fadtéarmacha do dhaoine fásta agus bonneagar i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon.

b. Seirbhísí iompair phoiblí atá dea-fhorbartha agus inacmhainne, lena n-áirithítear inrochtaineacht na saoráidí cúraim agus – i gcás obair tí – sainchónaí na bhfostóirí.

c. sa mhéid a tugadh isteach leis an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil:

   i. Dreasachtaí airgeadais lena gcothaítear comhroinnt na hoibre cúraim gan íocaíocht ar bhonn comhionann, lena n-áirítear cúiteamh neamh-inaistrithe le linn saoire do thuismitheoirí tar éis breithe nó uchtú linbh;

   ii. Deiseanna d'oibrithe a gcuid uaireanta oibre a laghdú nó a oiriúnú ar bhonn sealadach, d'fhonn réiteach a dhéanamh idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach; agus

   iii. Socruithe oibre solúbtha réasúnta d'oibrithe, lena n-áirítear réitigh a chuirtear chun feidhme trí theicneolaíochtaí nua a úsáid.

d. Laghdú ar na dídhreasachtaí airgeadais (mar shampla, i gcórais chánach agus sochar) a spreagann agus a bhuanaíonn, go díreach nó go hindíreach, comhroinnt neamhchothrom na hoibre cúraim gan íocaíocht agus na hoibre ar íocaíocht idir mná agus fir.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an oideachas, agus imthosca náisiúnta na mBallstát á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

37) Bearta spriocdhírithe a cheapadh agus a chur chun feidhme chun steiréitíopaí inscne a chomhrac, ar steiréitíopaí iad lena gcuirtear srian ar shaor-roghanna cailíní, buachaillí, ban agus fear maidir lena staidéir agus lena ngairmeacha. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh ar na bearta sin:

a. Steiréitíopaí inscne a chomhrac sa luath-óige, sa réamhscoil, san oideachas bunscoile agus meánscoile d'fhonn a áirithiú go mbeidh cailíní agus buachaillí in ann a réimsí staidéir agus a ngairm bheatha a roghnú faoi shaoirse, agus urraim á tabhairt ag an am céanna don ról a bhíonn ag tuismitheoirí i dtógáil a gclainne.

b. I gcomhthéacs na gairmthreorach lena gcuirtear daoine óga ar an eolas agus lena neartaítear a bhfeasacht faoi gach gné agus gach iarmhairtí dá mbaineann leis an ngairm bheatha a roghnaíonn siad, lena n-áirítear ó thaobh ioncaim de, agus na bearnaí idir na hinscní a bhaineann leis an bhfostaíocht ar feadh na saolré, na cúiseanna atá leo agus na bealaí lena ndíothú; agus eolas ar steiréitíopaí inscne agus ar a dtionchar ar rogha réimse staidéir agus gairme a chur ar fáil do gach duine atá rannpháirteach, go háirithe sainchomhairleoirí gairme.

c. Taighde idirdhisciplíneach a dhéanamh ar aigne na steiréitíopaí inscne agus a dtionchar ar an gcomhionannas inscne, go háirithe i dtéarmaí fostaíochta, agus breathnú ar chuimsiú trasearnála an ábhair.

38) Tacú le hinfheistíocht fhadtéarmach phoiblí i saoráidí agus i mbonneagar cúraim ar ardcháilíocht, inacmhainne agus inrochtana, i bhforbairt scileanna cúraim agus i seirbhísí cúraim.

39) Bailiú sonraí bailí a chur chun cinn a léiríonn fíorúsáid ama ag mná agus fir. Dlús a chur le hiarrachtaí lena áirithiú go bhfuil na sonraí inchomparáide ar leibhéal an Aontais (i gcás staidrimh náisiúnta) agus go bhfuil siad comhleanúnach le sonraí a bhailítear go náisiúnta (i gcás staitisticí ar fud an Aontais). Dí-chomhiomlánú sonraí de réir inscne agus aoise a spreagadh agus a áirithiú go léireofar leis na difríochtaí idir máithreacha agus aithreacha, agus idir mná agus fir gan leanaí, agus go n-áireofar ann freisin staitisticí maidir leis an gcúram ar fad a chuirtear ar fáil do leanaí, daoine fásta, agus gaolta scothaosta.

40) Cur chun feidhme suirbhéanna ar úsáid ama ar bhonn an chaighdeáin a leagtar síos leis na Suirbhéanna Comhchuibhithe ar Úsáid Ama san Eoraip (HETUS) a spreagadh, chun tacú le Eurostat táscaire a fhorbairt agus a ríomh chun "an bhearna chúraim idir na hinscní" a thomhas trí chomparáid a dhéanamh idir an t-am a chaitheann mná agus fir ar obair chúraim gan íocaíocht agus ar obair ar íocaíocht agus anailís a dhéanamh ar na hidirthuilleamaíochtaí.

41) Agus leas á bhaint as obair EIGE agus Eurostat, táscaire a fhorbairt ar fud an Aontais chun "an bhearna chúraim idir na hinscní" a thomhas ar bhonn na Suirbhéanna Comhchuibhithe ar Úsáid Ama Eorpach (HETUS), agus sonraí ionadaíocha á n-úsáid, chun comparáid a dhéanamh idir an t-am a chaitheann mná agus fir ar obair chúraim gan íocaíocht agus ar obair ar íocaíocht agus anailís a dhéanamh ar na hidirthuilleamaíochtaí, d'fhonn tacú le forbairt bhreise beartas comhionannais inscne agus beartas teaghlaigh atá bunaithe ar fhianaise.

42) Dul i mbun taighde, agus leas á bhaint as obair na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus Eurofound, ar an luach a bhaineann le hobair chúraim gan íocaíocht i ndáil le hobair ar íocaíocht, agus slite le tionchar na mbeart cothromaíochta oibre is saoil a fhorbairt, amhail saoirí a bhaineann leis an teaghlach, a thomhas go staitistiúil, lena n-áirítear trí fhaireachán a dhéanamh ar na rátaí glactha i measc ban agus fear.

43) I gcás inarb iomchuí, obair chúraim gan íocaíocht a áireamh ar anailísí maicreacnamaíocha agus anailísí ar an margadh saothair, agus ar cheapadh beartas saothair agus fostaíochta chomh maith.

44) Táscairí breise a fhorbairt chun feidhmíocht mhaicreacnamaíoch a thomhas lena n-áirítear obair chúraim ar íocaíocht agus gan íocaíocht, an geilleagar cúraim, agus bearnaí idir na hinscní i dtaobh úsáid ama, lena n-áirítear aicmiúchán nua NACE[10] dírithe go sonrach ar sheirbhísí pearsanta agus ar sheirbhísí tí, chun faireachán agus anailís ar an earnáil sin a éascú.

45) Modhanna iomchuí a cheapadh chun sonraí inchomparáide a bhailiú mar bhonn do chur chuige beartais fianaise-bhunaithe i leith trasnachas, go háirithe "inscne agus náisiúntacht/bunadh," "inscne agus aois" agus "inscne agus míchumas".

46) Dlús a chur leis na hiarrachtaí obair neamhdhearbhaithe in earnáil na seirbhísí teaghlaigh a ghleic lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar an idirphlé ar fud an Aontais maidir leis na céimeanna atá le tabhairt agus staidreamh a fhorbairt maidir le líon na n-oibrithe tí atá gníomhach san Aontas, agus é á chur san áireamh gur minic a sholáthraítear na seirbhísí sin gan aon dearbhú.

47) Tacú leis an idirphlé sóisialta in earnáil an chúraim, agus an dlí agus an cleachtas náisiúnta á n-urramú ag an am céanna.

[10] NACE = Nomenclature statistique des activités économiques dans la Communauté européenne; Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

48) Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an bhearna phá idir na hinscní agus na bearnaí idir na hinscní sa chúram a laghdú, agus aird chuí á tabhairt ar na dálaí náisiúnta agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, trí gach beart dá bhfuil ar fáil a úsáid, agus obair leantach a dhéanamh ar na bearta a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh 2017-2019 maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a ghleic, lena n-áirítear, nuair is ábhartha, bearta féideartha dlí.

49) Taighde breise a dhéanamh, a chur chun cinn agus a phoibliú maidir leis an ngeilleagar cúraim, riachtanais chúraim, gairmeacha cúraim agus stádas cúramóirí ar íocaíocht agus gan íocaíocht, agus maidir lena ndálaí oibre, maille le rannchuidiú cúramóirí le geilleagar na dea-bhaile, agus leas á bhaint as sonraí atá dí-chomhiomlánaithe de réir inscne agus ar a ndéantar faireachán go rialta agus atá ar fáil don phobal.

50) Staid na mban sa mhargadh saothair a mheas, agus cur chuige príomhshruthaithe inscne a leanúint go comhsheasmhach i ngach gné ábhartha den Seimeastar Eorpach, lena n-áirítear chun an bhearna phá idir na hinscní agus an bhearna chúraim idir na hinscní a ghleic.

Agus a neamhspleáchas á urramú go hiomlán ag an am céanna, IARRANN SÍ AR NA PÁIRTITHE SÓISIALTA an méid seo a leanas a dhéanamh:

51) Aird chuí a thabhairt ar chomhionannas inscne i gcomhthéacs cómhargála, lena n-áirítear, mar shampla, trí mheasúnuithe tionchair inscne a chur chun feidhme agus trédhearcacht phá a chur chun cinn, chun dálaí oibre cothroma agus cuibhiúla a áirithiú do gach bean agus do gach fear agus chun na bearnaí a bhaineann fós le pá, ioncaim agus pinsean a dhúnadh, agus cuí-aird á tabhairt ar an méadú atá ag teacht ar thábhacht shóisialta agus luach na hoibre cúraim.

**IARSCRÍBHINN**

## Doiciméid cúlra

1. Idirinstitiúideach AE

   Colún Eorpach na gCeart Sóisialta
   https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet_en.pdf

2. Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh

   Treoir 2004/113/CE an 13 Nollaig 2004 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí. IO L 373, 21.12.2004, lgh. 37–43.

   Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (athmhúnlú) *(IO L 204, 26.7.2006, lch. 23-36).*

   Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019, maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle (IO L 188, 12.7.2019, lch 79–93).

3. An Chomhairle

   Na conclúidí uile ón gComhairle maidir le comhionannas inscne agus ábhair ábhartha eile, lena n-áirítear go háirithe iad siúd a luaitear thíos:

   - Conclúidí ón gComhairle maidir le Mná agus an Geilleagar: Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh mar réamhchoinníoll i gcomhair rannpháirtíocht chomhionann sa mhargadh saothair (17816/11)

   - Conclúidí ón gComhairle maidir le margaí saothair níos cuimsithí a bhaint amach (7017/15)

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Scileanna na mBan agus na bhFear i Margadh Saothair an Aontais Eorpaigh a Fheabhsú (6889/17)

- Conclúidí ón gComhairle maidir le bearta feabhsaithe chun leithscaradh inscne cothrománach a laghdú san oideachas agus san fhostaíocht (15468/17)

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Feabhas a chur ar Thacaíocht Phobalbhunaithe agus ar Chúram Pobalbhunaithe do Mhaireachtáil Neamhspleách (15563/17)

- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Dhúnadh: Príomhbheartais agus Bearta (10349/19)

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile (13432/19)

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Chun Cinn: Breithniú ar 25 bliana de Chur chun Feidhme Chlár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht (14938/19)

- Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardcháilíocht (IO C 189, 5.6.2019, lch. 4-14)

4. An fhoireann trí Uachtaránacht

Dearbhú Trípháirteach ón Uachtaránacht maidir le Comhionannas Inscne, arna shíniú ag an nGearmáin, ag an bPortaingéil agus ag an tSlóivéin (Iúil 2020)

5. An Coimisiún Eorpach

Moladh ón gCoimisiún 2014/124/AE an 7 Márta 2014 maidir le neart a chur le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná trí thrédhearcacht (IO L 69, 8.3.2014, lgh. 112–116)

Teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2017: "Tionscnamh chun tacú leis an gcothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí a bhíonn ag obair" (COM(2017) 252 final)

Plean Gníomhaíochta AE 2017-2019: An bhearna phá idir na hinscní a ghleic (COM(2017) 678 final)

Moladh ón gCoimisiún (AE) 2018/951 an 22 Meitheamh 2018 maidir le caighdeáin do na comhlachtaí comhionannais (IO L 167, 4.7.2018, lch. 28-35)

*Challenges in long-term care in Europe - A study of national policies* [Na dúshláin a bhaineann le cúram fadtéarmach san Eoraip – Staidéar ar bheartais náisiúnta] 2018. An Líonra Eorpach um Beartas Sóisialta.

*Report on the development of childcare facilities for young children with a view to increase female labour participation, strike a work-life balance for working parents and bring about sustainable and inclusive growth in Europe (the "Barcelona objectives")* [Tuarascáil maidir le forbairt saoráidí cúraim leanaí do leanaí óga d'fhonn rannpháirtíocht saothair na mban a mhéadú, cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach do thuismitheoirí a bhíonn ag obair agus fás inbhuanaithe chuimsitheach a bhaint amach san Eoraip ("spriocanna Barcelona")] (COM(2018) 273 final)

Tuarascáil 2019 maidir le comhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach

https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/aid_development_cooperation_fundamental_rights/annual_report_ge_2019_en_0.pdf

An Coimisiún Eorpach. An Coiste Comhairleach um Chomhionannas Deiseanna do Mhná agus d'Fhir – *Opinion on challenges for gender equality in a rapidly ageing society,* [Tuairim maidir le dúshláin comhionannais inscne i sochaí atá ag dul anonn sna blianta go tapa], Deireadh Fómhair 2019.

*Common European Guidelines on the Transition from Institutional to Community-based Care and Toolkit on the Use of European Union Funds for the Transition from Institutional to Community-based Care.* [Treoirlínte Comhchoiteanna Eorpacha maidir leis an Aistriú ó Chúram Institiúideach go Cúram Pobalbhunaithe agus an tSraith Straitéisí maidir le hÚsáid Chistí an Aontais Eorpaigh don Aistriú ó Chúram Institiúideach go Cúram Pobalbhunaithe.]

https://ec.europa.eu/regional_policy/en/policy/themes/social-inclusion/desinstit/

Aontas an Chomhionannais: *Gender Equality Strategy* [Aontas Comhionannais: Straitéis maidir le Comhionannas Inscne], 2020-2025. 6678/20. (Tagairt an Choimisiúin: COM(2020) 152 final.)

Teachtaireacht maidir le hEoraip Shóisialta Láidir d'Aistrithe Córa. (COM(2020) 14 final.)

6. Parlaimint na hEorpa

Rún an 30 Eanáir 2020 maidir leis an mbearna phá idir na hinscní (2019/2870(RSP))

Tuarascáil féintionscnaimh maidir le seirbhísí cúraim san Aontas le haghaidh comhionannas inscne níos fearr (2018/2077 (INI))

7. An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

*Gender Inequalities in care and consequences on the labour market* [Éagothroime Inscne sa chúram agus na hiarmhairtí ar an margadh saothair], 2020. 12953/20 ADD 1.

8. Eurofound

Cothromaíocht a bhaint amach: *Reconciling work and life in the EU* [Cothromaíocht a bhaint amach: An obair agus an saol a chomhréiteach san Aontas], 2019. https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/ef_publication/field_ef_document/ef18065en.pdf

9. Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

*The impact of social investment on employment and public budgets* [Tionchar na hinfheistíochta sóisialta ar an bhfostaíocht agus ar bhuiséid phoiblí] (SOC 496/2013)

https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/impact-social-investment-employment-and-public-budgets

10. Tagairtí eile

Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (Clár Oibre na Náisiún Aontaithe don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban)

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)

Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 5.4 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe

Coinbhinsiún EIS 100 (Luach Saothair Cothrom), 1951

Coinbhinsiún EIS maidir le hobair chuibhiúil d'oibrithe tí de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (Coinbhinsiún Uimh. 189), 2011

Tuarascáil EIS dar teideal *Care work and care jobs for the future of decent work* [Obair chúraim agus poist chúraim d'obair chuibhiúil sa dhéanfar amach anseo], 2018.

http://ilo.org/global/publications/books/WCMS_633135/lang--en/index.htm